Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Eanáir 2021
(OR. fr)

14008/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0352 (NLE)**

AVIATION 245
RELEX 1005
MA 9
OC 18

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, a bhunú |

**CINNEADH (AE) 2021/ … ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile[1] ("an Comhaontú") le Cinneadh (AE) 2018/146 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 19 Márta 2018.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste a bheidh comhdhéanta d'iondaithe na bPáirtithe (an "Comchoiste") chun an Comhaontú a riar agus chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 22(6) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

---

1 Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO L 386, 29.12.2006, lch. 57).

2 Cinneadh (AE) 2018/146 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 26, 31.1.2018, lch. 4).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é gur cinneadh a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige ar an Aontas a bheidh sa chinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bhunú ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a cuireadh ar bun le hAirteagal 22 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, bunófar an seasamh sin ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste[1].

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan Cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 14010 ag http://register.consilium.europa.eu.